An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

**Torthaí Foghlama i bhFócas**

Snáitheanna Comhthéacsúla: DB2

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire cur síos a dhéanamh ar atáirgeadh éighnéasach agus gnéasach; patrúin a fhiosrú in oidhreachtúlacht agus éagsúlacht saintréithe a rialaítear go géiniteach.

**FIOSRAIGH: Breathnú nó staidéar a dhéanamh, d'fhonn fíricí a chinntiú.**

Nádúr na hEolaíochta: NnahE4

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire …sonraí a anailísiú go criticiúil a chun patrúin agus coibhneasa a aithint.

Intinní Foghlama

Trí éagsúlacht a bhreathnú i saintréithe oidhreachtúla foghlaimeoidh scoláirí an gaol atá idir feinitíopa agus géinitíopa.

Réamhfhoghlaim

Tá cur amach éigin ag na scoláirí ar an teanga agus ar na smaointe ginearálta a bhaineann le tréithe ó oidhreacht de thoradh géinte a tháinig ó ceachtar beirt tuismitheoirí. Le h-aghaidh na gníomhaíochta seo glactar leis:

- Go dtugann gach tuismitheoir géin amháin do ghéinitíopa (péire géinte) an tsleachta
- Go mbíonn roinnt géinte ceannasach ar chinn eile
- Gur léiriú fisiceach den ghéinitíopa é an feinitíopa, á léiriú anseo ins an stáid is bunúsaí- ina mbíonn coibhneas díreach idir géinitíopa amháin agus tréith amháin atá inbhraite go fisiceac i.e. cruth na súl, cruth na haghaidhe agus an cineál béil.

Trealamh

Oibreoidh na scoláirí i bpéirí. Tá an bileog oibre agus bonn le greamán ar taobh amháin ag teastáíl.





Bileog Ghníomhaíochta an Scoláire: Sliocht a thógáil

Trí bhonn airgead a chaitheamh roghnaíonn tú cé acu den dá ghéin a théann chun tosaigh chuig gach ceann de thrí cinn óga. Bainfidh tú úsáid as an n**géinitíopa** a thagann dá bharr chun an **feinitíopa** a thuar agus pictiúr a thógáil de gach ceann de bhur sliocht.

1. Socraígí cé hé tuismitheoir 1 agus cé hé tuismitheoir
2. Sa tábla thíos tá ghéinitíopa tuismitheoir, a haon agus a dó léirithe do chruth na haghaidhe, cruth na súl agus an cineál béil.

| | Géinitíopa Tuismitheoir 1 | Géinitíopa Tuismitheoir 2 |
|---|---|---|
| Cruth na haghaidhe | Ff | Ff |
| Cruth na Súl | Ee | Ee |
| An Cineál Béil | Mm | Mm |

Léirítear thíos an feinitíopa a fhreagraíonn do gach géin

| | | |
|---|---|---|
| Cruth na haghaidhe | F  | f  |
| Cruth na súl | E  | e  |
| An Cineál béil | M  | m  |

Seasann CEANNLITIR (F, E, M.) do ghéin cheannasach.

3. Agus tú ag féachaint ar do ghéinitíopa, agus ag úsáid na bhfeinitíopaí tarraingthe thuas, pléigh le do pháirtnéir cén chuma a bheadh ar gach tuismitheoir. Sa spás thíos tarraing pictiúr de thuismitheoir 1.

Tuismitheoir a haon

Déan plé le do pháirtnéir an mbeidh an cineál béil céanna ag tuismitheoir a dó.

4. Caitheann Tuismitheoir 1 an bonn airgead in airde chun chinneadh a dhéanamh cén ghéin a rachaidh ar aghaidh chuig do shliocht chun cruth a n-aghaidhe a shocrú. Má thiteann an bonn airgead ar an taobh le greamán ciallaíonn sé sin go bhfaigheann do shliocht géin cheannasach uaitse.(F) Má thiteann sé ar an taobh eile faigheann siad géin chúlaitheach uait.(f) Déan taifead den ghéinitíopa sa spás cuí do sliocht a haon.
5. Leanann Tuismitheoir 2 an phróiseas chéanna tríd an mbonn airgead a chaitheamh in airde.
6. Déan taifead den ghéinitíopa don tréith sin.
7. Déan an rud céanna do gach tréith óoidhearacht agus do gach ceann de na thí sliocht.
8. Tar éis duit an ghéinitíopa a roghnú do gach sliocht tarraing pictiúr den chuma a bheidh ar do shliocht – i.e. taispeáin an feinitíopa do gach comhpéire de ghéinte.

Sliocht 1

| | Géin ó thuismitheoir 1 | Géin ó thuismitheoir 2 | Géinitíopa |
|---|---|---|---|
| Cruth na haghaidhe | | | |
| Cruth na súl | | | |
| An cineál béil | | | |

Sliocht 2

| | Géin ó thuismitheoir 1 | Géin ó thuismitheoir 2 | Géinitíopa |
|---|---|---|---|
| Cruth na haghaidhe | | | |
| Cruth na súl | | | |
| An cineál béil | | | |

Sliocht 3

| | Géin ó thuismitheoir 1 | Géin ó thuismitheoir 2 | Géinitíopa |
|---|---|---|---|
| Cruth na haghaidhe | | | |
| Cruth na súl | | | |
| An cineál béil | | | |

Tarraing pictiúr de gach sliocht anseo chun an féinitíopa a thaispeáint.


| Sliocht 1 | Sliocht 2 | Sliocht 3 |
|---|---|---|
| | | |

Pléigh na smaointe seo a leanas le do pháirtnéir:

1. Má bhíonn a fhios agat cén géinitíopa atá i láthair an féidir leat an feinitíopa a thuar?

2. Má bhíonn an feinitíopa ar eolas agat an dtig leat a bheith cinnte faoin ngéinitíopa?

3. Cé na géinitíopaí féideartha a thiocfadh a bheith ann de bharr an fheinitíopa léirithe thíos?



Líon isteach do fhreagraí:

Gach géinitíopa féideartha don aghaidh:

Gach géinitíopa féideartha do na súile:

Gach géinitíopa féideartha don bhéal:

**Gníomhaíocht sínithe**

Ar tháinig gach comhpéire fhéideartha géinte chun cinn de bharr an bonn airgid a chaitheamh? An raibh comhpéirí áirithe nár tháinig aníos? Más ea, tarraing pictiúir de na sliocht fhéideartha sin sa spás thíos.